

# ❁ An Lúibín ❁

15 Nollaig 2019

## Litríocht Ghael-Astrálach: an siompóisiam

Ní furasta litríocht Ghael-Astrálach a shainmhíniú. Ní féidir a bheith cinnte go bhfuil a leithéid ann, mura bhfuiltear ag caint ar litríocht le scríbhneoirí de shliocht Éireannach a bhfuil téamaí inti a bhaineann le hÉirinn, nó scríbhneoirí (de shliocht Éireannach) a mbaineann a saothar le saol ar chuidigh na hÉireannaigh lena bhunú – saol Astrálach. Tá tábhacht anseo leis an gCaitleachas – an leagan dian Éireannach de a tháinig i réim go déanach sa 19ú haois.

Ach is furasta dul i ndoiléire agus tú ar lorg dheimhniú an scéil i gcatagóirí agus i bhfo-chatagóirí. I siompóisiam a reáchtáladh le déanaí in Melbourne (ar an 22 Samhain) d’admhaigh an Dr Frances Devlin-Glass, scoláire aitheanta agus saineolaí ar Joyce, nach beag an obair litríocht Ghael-Astrálach a thaifeadadh agus a shainmhíniú, ní hamháin toisc gur réimse í atá chomh mór agus chomh héagruthach sin ach toisc gur deacair na scríbhneoirí a rangú gan fadhbanna a tharraingt anuas a bhaineann le polaitíocht na féiniúlachta. Chomh maith leis sin, tuigtear anois gur ceist achrannach míshocair í an fhéiniúlacht agus an taighde sin á dhéanamh. Mar sin féin, d’fhéach na cainteoirí le léargas a thabhairt ar rud nach furasta a shainmhíniú. Seo cuid acu.

Chíor Pat Buckridge dírbheathaisnéisí Gael-Astrálacha ón ré choilíneach ba luaithe go dtí an lá atá anois ann. Nuair a chuireann daoine de shliocht Éireannach síos ar an ‘mise’ cuireann siad a bhféiniúlacht dhúbailte in iúl le haidhmeanna difriúla agus ar bhealaí difriúla, bealaí ar cuid suntais iad. Ach fiú na ndaoine a rugadh in Éirinn ba mhínic an seansaol úd ceilte faoi chraiceann an dearmaid orthu.

Ba é Gerald Murnane, úrscéalaí nótáilte cormhéiniúil, ab ábhar cainte do Mark Byron. Caitheann an phríomhphearsana in úrscéalta Gerald Murnane tamall maith ag déanamh machnamh ar an tabhairt suas Gael-Astrálach a bhí orthu agus ar an rian a d’fhág sin ar a dtuiscint ar chreideamh, a gcumas grá agus an chiall atá acu don saol. In *Inland*, úrscéal ó 1988, cuirtear an machnamh seo i bhfeidhm ar mhachaire Chontae Melbourne mar leagan de Alföld na hUngáire agus de mhánna Dakota Theas. Cuireann an díláithriú scéalaíochta agus spáis seo – nó an il-láithriú – ar chumas an údair an Caitliceachas fireann Gael-Astrálach a scrúdú go haclaí os comhair an tsaoil.

Chuir Julian Croft síos ar Joseph Furphy, úrscéalaí a bhfuil a shaothar ar ‘chlasaicí’ na tíre. Rugadh Furphy in New South Wales in 1843 d’inimircigh ó Thóin re Gaoith i gContae Ard Mhacha, agus bhí tuin Éireannach air go lá a bháis. Mar scríbhneoir rinne sé iarracht ar fhórsaí codarsnacha a linne (fórsaí sóisialta agus pearsanta) a aontú. Orthu sin bhí an chodarsnacht reiligiúnda a bhain le seicteachas na hÉireann agus na hAstráile, agus dóchas aige go ndéanfaí comhréiteach in intinn an ‘Astrálaigh a bhí le teacht’.

Chuir Ken Gelder agus Rachael Weaver síos ar ghnéanna polaitiúla agus stairiúla na haindeathachta sa litríocht i bhfoirm an cheithearnaigh choille. Cuireadh fiúntas i leith phoblachtachas an cheithernigh Ghaelaigh nó leath-Ghaelaigh ar dtús ach lagaíodh le himeacht aimsire é. Luaigh siad *Jerilderie Letter* Ned Kelly agus an tagairt a dhéanann sí do phoblachtachas réabhlóideach Éireannach agus ansin roinnt úrscéalta a scríobhadh timpeall an ama sin: *Moondyne*, leabhar le John Boyle O’Reilly (1878, 1879), *Ned Kelly: The Ironclad Australian Bushranger*, leabhar le Skipp Borlase (1881), *Robbery Under Arms*, leabhar le Ralph Boldrewood (1882, 1883) agus *Outlaw and Lawmaker*, leabhar le Rosa Praed (1893).

Chíor Anne Jamison an tionchar a bhí ag tréimhseacháin, smaointe teagaisc agus teoiricí oideachasúla ó Éirinn ar scoileanna na hAstráile: cuimhnimis ar leabhair léitheoireachta de chuid na Scoileanna Náisiúnta agus Scoileanna Samplacha Bhord Náisiúnta na hÉireann. Áitíodh go raibh tionchar ar leith ag na scéalta do pháistí

agus ag na leabhráin oideachasúla do thuismitheoirí a scríobh Maria Edgeworth ar an litríocht a scríobh Astráiligh mná do pháistí - Charlotte Barton, Hannah Boyd agus an t-úrscéalaí Catherine Spence. Mhaígh Anne gur chuir na húdair sin beocht i litríocht do pháistí agus i dtuairimí teagaisc de bharr na béime a chuir Edgeworth ar an oideachas mar bhunús dhul chun cinn an náisiúin.

Bhí Kevin Molloy ag caint ar an margadh mór leabhar san Astráil idir 1850 agus 1914. Bhí pobal léitheoirí Gael-Astrálacha le haithint mar chuid de, daoine a léigh nuachtáin áitiúla ach a léigh freisin litríocht de chineál áirithe a tháinig ó Éirinn agus ó Mheiriceá Thuaidh den chuid is mó. D'fhiafraigh Kevin céard a bheadh ag teastáil chun litríocht Ghaelach a chur ar bun thar lear agus cén fáth nár tharla scríbhneoireacht leanúnach den saghas sin san Astráil lasmuigh de chúpla údar. Ceisteanna maithe, agus d'fhéadfaí a rá mar fhreagra gurbh é cuspóir na nÉireannach i ndeireadh na dála Astráiligh a dhéanamh díobh féin, cé gur ar a gcuntair féin é. Má bhí Éireannachas ag teastáil, b'fhéidir é a iomportáil.

D'fhiafraigh Maggie Nolan arbh fhéidir fo-réimse a dhéanamh d'airíonna Gaelacha. Tá stair 'Ghaelach' ann, ach céard faoin litríocht? Níl sna húdair úd ach scríbhneoirí Astrálacha tar éis an tsaoil; b'fhéidir go bhfuil an ghné Ghael-Astrálach chomh bunúsach sin nach féidir rud ar leith a dhéanamh de.

Tarraingíodh anuas cás an duine (údar de shliocht Gaelach) a rugadh agus a tógadh san Astráil ach a bhí ag scríobh i nGaeilge. B'fhurasta scríbhneoir Gael-Astrálach a thabhairt air, ach b'fhéidir go ndearbhódh sé gur scríbhneoir Astrálach é. Tar éis an tsaoil, is teanga de chuid na hAstráile í an Ghaeilge ó dheireadh an 18ú haois anuas.



## Ag foilsíú i nGaeilge

Tá *An Lúibín* ina chuid de scéal foilsitheoireachta na Gaeilge – cuid an-bheag, cinnte, agus tionscadal foilsitheoireachta ann atá i bhfad níos leithne. Táimid ag cuimhneamh ar alt a scríobh an Dr Máirín Nic Eoin, eolaí ar litríocht chomhaimseartha na teanga, do *Tuairisc.ie*.<sup>1</sup> Deir sí:

Ó thaobh na leabhar clóite de, ní hamháin gur ábhar maíte líon na dteideal nua atá á bhfoilsíú gach bliain anois (c.120-130), ach cinntíonn raon na leabhar Gaeilge atá i gcló (breis agus 2,500 teideal), agus líon na scríbhneoirí (breis agus 520 duine) go bhfuil rogha níos leithne ábhar agus seánraí léitheoireachta ar fáil do phobal na Gaeilge anois ná mar a bhí riamh, b'fhéidir, i stair na teanga.

Tá deimhniú éigin air sin le fáil i liosta foilseachán Litríocht.com, sársheirbhís díolta leabhar Gaeilge ar líne. Is mór an cúnamh clúdach deas agus leagan amach snasta, agus luann Nic Eoin an feabhas a tháinig ar leabhair Ghaeilge sna slite sin. Luann sí freisin an athchló atá á gcur ar shaothair na scríbhneoirí is nótáilte, leithéidí Mháirtín Uí Chadhain. B'fhiú a mholadh freisin go gcuirfí athchló ar chuid de na haistriúcháin a rinneadh An Gúm sna tríochaidí, leabhair a bhfuil scoth Gaeilge iontu agus a léifí fós le fonn. Mar a deir Nic Eoin, áfach, thig le sruth an aistriúcháin gabháil sa treo eile agus saothair Ghaeilge (gearrscéalta an Chadhnaigh, mar shampla) a thabhairt i láthair an tsaoil mhóir (agus ní i mBéarla amháin é).

Déanann Nic Eoin tagairt do na 'comhdhálacha, féilte liteartha agus ócáidí plé a chothaíonn athléamh criticiúil agus díospóireacht faoi chanóin na Gaeilge'. D'fhéadfaí a bheith idir dhá chomhairle ina thaobh seo. Tá gá le díospóireacht agus cíoradh; níl gá chomh mór sin leis an mbaoth-thuairimíocht a chloistear uaireanta ag ócáidí acadúla. Ach ní thig olc i dtír nach fearrde duine éigin.

Déanann Nic Eoin gearán faoina laghad sin foilsitheoirí léinn a bheith ann. Beidh sólas éigin aici anois. Tá Cló Léann na Gaeilge á bhunú ag *Comhar* i bpáirt le hollscoileanna na tíre agus le hOllscoil Notre Dame i Meiriceá. Foilseofar taighde ar gach réimse de léann na Gaeilge.

<sup>1</sup> <https://tuairisc.ie/foras20-laidreachtaí-laigi-deiseanna-agus-dushlain-foilsitheoireacht-na-gaeilge-le-20-bliain/>

Maidir leis an margadh atá ann do leabhair Ghaeilge, ceist í sin a chuireann mearbhall orainn féin uaireanta. Bíonn éadóchas ar na foilsitheoirí féin agus iad ag caint ar mhúineadh lochtach na teanga, easpa díolacháin agus ganntanas léirmheastóirí. Deir Nic Eoin go bhfuil gá le breis anailíse agus, ar aon nós, go léiríonn staitisticí úsáide na n-acmhainní digiteacha go bhfuil pobal mór ann a bhfuil Gaeilge mhaith acu agus a bhaineann feidhm aisti. Níl gar a shéanadh, áfach, nach bhfógraítear na leabhair mar is ceart. Ní dhéantar tagairt dóibh i meáin an Bhéarla agus tá formhór na nÉireannach féin dall ar litríocht chomhaimseartha na Gaeilge.

*Is gearr go bhfoilséoidh Cló Iar-Chonnacht cnuasach nua gearrscéalta, Ceo Bruithne agus Scéalta Eile, le Colin Ryan, eagarthóir An Lúbín.*



### Cás na Breatnaise

In 1911 bhí Breatnais á labhairt ag 45% de phobal na Breataine Bige; in 2011 ní raibh sí á labhairt ach ag 19% (562,000 duine) agus bhí titim suntasach ar líon na gcainteoirí sna háiteanna ba láidre í. Deir céatadán ard den phobal gur 'féidir leo' an teanga a labhairt (cuimhnimis ar an gcéatadán mór d'Éireannaigh a deir gur 'féidir leo' Gaeilge a labhairt) ach ní hionann cumas agus toil. Ach áitítear anois go bhfuil moill ar an meath.

Tá cainteoirí Breatnaise le fáil ar fud na tíre, ach amuigh faoin tuath is mó a chloisfeá an teanga – lá díolta beithíoch i mbaile mór, mar shampla.<sup>2</sup> Is cinnte go gcloisfeá i bhfad níos mó Breatnais á labhairt ansin ná a gcloisfeá de Ghaeilge ina leithéid d'áit sa Ghaeltacht anois (cé gur scéal eile é caoga bliain ó shin). Tá an chuid is mó de na cainteoirí Breatnaise ina gcónaí i dtuaisceart agus in iarthar na tíre, go háirithe in Sir Gâr (*Carmarthenshire*) agus in Ceredigion. Tá an teanga láidir go leor sa timpeallacht chathrach, mar sin féin, agus 50,000 cainteoir, mar shampla, ina gcónaí in Caerdydd, áit ar féidir leat an chuid is mó de do shaol a chaitheamh trí Bhreatnais ach tú a bheith seiftiúil. Rachadh sé rite leat teacht ar dhuine nach bhfuil aige ach Breatnais, ach tar éis an tsoil is iomaí duine ar fearr leo Breatnais a labhairt, cé gur minic a bhogann siad ó theanga go teanga de réir an scéil. Má tá teorainn idir an dá theanga i gcúrsaí an lae ní teorainn dhocht í.<sup>3</sup> Maítear gur dátheangachas socair atá ann agus má tharraingítear roinnt Béarla isteach i gcomhrá Breatnaise gurb í an Bhreatnais príomhtheanga an chomhrá fós.<sup>4</sup>



Cors Caron (*portach Caron*) in Ceredigion  
*Wikimedia Commons*

Ábhar éigeantach is ea an Bhreatnais i ngach scoil sa Bhreatain Bheag ó 2000 i leith. Múineann breis is 20% de na scoileanna trí Bhreatnais amháin agus múineann siad 22% de na daltaí. Caithfidh formhór na scoileanna plé le daltaí de dhá chineál: daltaí a tógadh le Breatnais agus daltaí le Béarla amháin. Ní mar theanga iasachta a

<sup>2</sup> Emily Scaife, *Farmers Guardian*, 'Backbone of Britain: The battle to protect the Welsh language has already begun,' 6/7/18, <https://www.fginsight.com/news/news/backbone-of-britain-the-battle-to-protect-the-welsh-language-has-already-begun-64846>

<sup>3</sup> Nigel Musk, 'Code-switching and code-mixing in Welsh bilinguals' talk: confirming or refuting the maintenance of language boundaries?': <https://www.tandfonline.com/doi/abs/10.1080/07908318.2010.515993?scroll=top&needAccess=true&journalCode=rlcc20>

<sup>4</sup> Margaret Deuchar, Peredur Davies, 'Code switching and the future of the Welsh language': <https://dialnet.unirioja.es/servlet/articulo?codigo=6797038>

mhúintear Breatnais agus í chomh fite sin i saol na tíre: baintear úsáid sheifitíuil as an dá theanga sa rang.<sup>5</sup> Tá cúrsaí á múineadh trí Bhreatnais i ngach ollscoil agus raon leathan ann: céimeanna agus iarchéimeanna sa dlí, sna heolaíochtaí sóisialta, sa bhitheolaíocht agus eile. Ar éigean is féidir a leithéid a dhéanamh in Éirinn: tá BA (Cumarsáid & Gaeilge) le fáil ó UCG, ach .) Ach tá fadhb ann a bhaineann leis an nGaeilge freisin: gan deis mhór a bheith ag mórán daltaí an teanga a úsáid lasmuigh den scoil.

De réir dlí, ní mór an chóir chéanna a chur ar an dá theanga sa réimse phoiblí chomh fada agus is cuí, agus tá sé de dhualgas ar roinnt gnólachtaí príobháideacha seirbhísí a sholáthar trí Bhreatnais.

Ar nós na Gaeilge, tá áit faighte ag an mBreatnais ar an Idirlíon maidir le comhéadain (Windows, OpenOffice.org, etc.), blaganna agus suímh. Cuireadh Vicipéid na Breatnaise ar bun in 2003 agus is mó an borradh atá fúithi ná mar atá faoi Vicipéid na Gaeilge (ní nach ionadh agus an difríocht atá idir an dá theanga i dtaca le líon cainteoirí de).

In 1865 lonnaigh grúpa Breatnach i bPatagóin na hAirgintíne (Chubut). Tá a sliocht ann fós – timpeall 50,000 duine. Maítear go bhfuil Breatnais ag idir 1,500 agus 5,000 duine (difríocht shuntasach, gan dabht). Tá a ndóthain ann chun *Y Draford*, nuachtán Breatnaise a bunaíodh in 1891 agus atá fós ann mar fhoilseachán dátheangach, a choinneáil beo. I dtús an fichiú haois bhí sloinne Breatnach ar fhor mhór na daoine a bhí ag pósadh; ach tháinig mórán cainteoirí Spáinnise isteach, agus faoi 1940 ní raibh ach 25% de chainteoirí Breatnaise ag pósadh a chéile.

Maítear gur thosaigh athbheochan na Breatnaise in Chubut i gceart in 1965 nuair a bhí ceiliúradh theacht na mBreatnach ar siúl. Tháinig a lán cuairteoirí ón mBreatain Bheag agus chuala siad Breatnais a bhí glan ó Bhéarla ach a raibh rian na Spáinnise uirthi. Tháinig múinteoirí deonacha ón mBreatain Bheag sna 80idí agus cuireadh Tionscadal na Breatnaise ar bun in 1997. Lig scéimeanna teanga do roinnt daoine óga Breatnais a fhoghlaim saor in aisce agus fuair scata acu scoláireachtaí chun a gcuid Breatnaise a fheabhsú sa Bhreatain Bheag. Faoi láthair bíonn grúpaí agus daoine aonair ag dul siar is aniar idir an dá áit agus tá trí scoil dhátheangacha in Chubut.<sup>6</sup> Tá rialtas na Breataine Bige féin ag cur suime i gcás na teanga sa Phatagóin.<sup>7</sup>



Afon Camwy (*abhainn na gcor*) in Chubut san Airgintín  
*Wikimedia Commons*

I mBreatnais amháin a chraolann BBC Radio Cymru agus Cymru FM (craolann sé siúd ar líne). Tá dhá stáisiún dhátheangacha ann agus roinnt stáisiún a bhfuil cláir laethúla nó sheachtainiúla acu i mBreatnais. Bunaíodh an stáisiún teilifíse S4C mar chraoltóir dátheangach in 1982, agus rinneadh craoltóir lán-Bhreatnaise de in 2010; coimisiún sé cláir ó BBC Cymru agus ó léiritheoirí neamhspleácha. In 2018 bhí 690,000 duine ag féachaint air.

<sup>5</sup> Peredur Webb-Davies, 'Welsh schools: an approach to bilingualism that can help overcome division': <http://theconversation.com/welsh-schools-an-approach-to-bilingualism-that-can-help-overcome-division-79935>

<sup>6</sup> Dr Walter Ariel Brookes, 'The Welsh language in Patagonia: a brief history,' 25/10/18: <https://www.britishcouncil.org/voices-magazine/welsh-language-in-patagonia-and-wales>

<sup>7</sup> Wyn James, 'Viewpoint: The Argentines who speak Welsh,' BBC (2014): <https://www.bbc.com/news/magazine-29611380>

Is minic a cháintear an stáisiún as a laghad sin lucht féachana a bheith aige, ach is deacair a dhéanamh amach conas is féidir an líon a mhéadú mórán (fadhb atá ag TG4 freisin).<sup>8</sup>

Is iontach an méid irisí Breatnaise atá ann agus iad ag plé gach gné den saol – cúrsaí reatha, cúrsaí cultúir agus eolaíochta, ábhar d'fhoghlaimeoirí agus do pháistí, reiligiún, cúrsaí léinn agus eile. Tá cúpla nuachtán seachtainiúil ann agus a lán nuachtlitreacha áitiúla. Chomh maith leis sin tá a lán suímh Idirlín ann.

Cuirtear caighdeán Bhreatnaise i bhfeidhm ar thimpeall ochtó foras poiblí sa Bhreatain Bheag, agus is iondúil go mbíonn idir céad agus dhá chéad riail le comhlíonadh ag údaráis áitiúla. Is minic a chloistear gearáin i dtaobh chostas agus chastacht na rialacha.

Tá méadú mór tagtha ar líon na ndaoine a léann úrscéalta agus filíocht i mBreatain. Bhí méadú ar an méid úrscéalta a díoladh ó 19,980 in 2011/12 go dtí 28,407 in 2015/16 – sin méadú 42%. Féadtar 3,000 cóip d'úrscéal a bhfuil glaoch air a dhíol. Tá timpeall 600,000 cainteoirí Breatnaise ann le hais timpeall 65,000 duine sa Bhreatain ar fad, rud a fhágann, más fíor, gurb ionann 1,000 cóip de leabhar Breatnaise agus 100,000 leabhar Béarla. Deirtear go bhfuil na scórtha scríbhneoirí óga Breatnaise ann anois a dhíolann idir 1,000 agus 4,000 cóip. Ach maítear freisin go bhfuil gá le níos mó úrscéalta mórílimh nach bhfuil blas liteartha orthu, saothair a mheallfaidh léitheoirí óga (rud a deirtear faoin nGaeilge freisin). Ach tá a leithéidí ann cheana agus irisí beaga, foilseacháin a dhíoltar, mórán, i siopaí beaga neamhspleácha agus i lárionaid phobail.<sup>9</sup> Deirtear gur fiú leabhair a aistriú ó Bhreatain go teangacha eile chun aird an phobail mhóir a tharraingt orthu.<sup>10</sup>

Ní féidir a shéanadh nach bhfuil an Béarla ann; tá an dá theanga ar a dtail scríbhneoirí Breatnaise agus scríobhann a lán acu i mBéarla agus i mBreatain. Ach coinníonn an seansaol greim ar nósanna liteartha áirithe: tá an 'englyn' (a bhféadfaí *haiku* na Breatnaise a thabhairt air) á chleachtadh fós mar a bhí fadó, lena shainrialacha siollacha, ríme agus amais.<sup>11</sup>

Is cinnte nach bhfuil an Bhreatain chun bás a fháil go luath mar theanga phobail agus litríochta. Seans go laghdóidh líon na gcainteoirí dúchais; seans go dtiocfaidh méadú ar líon na nuachainteoirí. Tá an teanga láidir fós – an ceann is láidre de na teangacha Ceilteacha go léir.



## Dhá dhán le Colin Ryan

### Leaba

D'imigh an saol úd  
lán de scléip is d'anachain  
agus tháinig seo: an chathaoir  
an solas trí ghloine isteach  
an gairdín glas isteach leis an solas  
rud éigin sa seomra ag siúl  
ó bhalla go balla  
ar lorg d'anama

---

<sup>8</sup> Dr Helen Davies and Dr Christina Papagiannouli, 'The Future of Welsh-language broadcaster S4C: Funding and Remit': <https://blogs.lse.ac.uk/medialse/2018/04/18/the-future-of-welsh-language-broadcaster-s4c-funding-and-remit/>

<sup>9</sup> <https://www.wordswithoutborders.org/article/august-2019-welsh-reimagined-communities-an-introduction-to-welsh-writing>

<sup>10</sup> <https://www.theguardian.com/books/2017/nov/03/welsh-language-novels-enjoying-golden-age-despite-reported-sales-decline>

<sup>11</sup> Rowan Williams, <https://www.newstatesman.com/culture/books/2019/06/how-welsh-fought-back>

## **An ghaoth**

Gaoth chlamprach ann  
is gan de scéal ina gob  
ach lingeadh líon na nduilleog  
hata á fháscadh ar cheann  
an chailín gháiritigh  
cairn na spéire á réabadh  
an ghaoth ag labhairt  
is gan de scéal ina gob  
ach scaipeadh is imeacht dá bhfuil ann

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) .*